**Feidhm:** **Ag rá go bhfuil rud éigin ag teastáil uait**
**Bileoga:** **10.1, 10.2 agus 10.3**

- Scaip **Bileog 10.1**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt faoin uimhir uatha agus iolra ar dtús agus ansin na focail a sheiceáil san fhoclóir.

**Freagraí**:

Grúpa 1:

| | |
|---|---|
| Gúna | Gúnaí |
| Seaicéad | Seaicéid |
| T-léine | T-léinte |
| Scaif | Scaifeanna |
| Carbhat | Carbhait |
| Hata | Hataí |
| Cóta | Cótaí |
| Léine | Léinte |
| Geansaí | Geansaithe |

Grúpa 2:

| | |
|---|---|
| Brístí | Bríste |
| Bróga | Bróg |
| Lámhainní | Lámhainn |
| Stocaí | Stoca |

- Cuid C: Iarr orthu na héadaí atá siad ag caitheamh inniu a rá leis an duine in aice leo as Gaeilge. Ní bheidh acu ag an phointe seo ach na focail loma. Ní gá abairtí go fóill. Cleachtadh é ar an stór focal a bhaineann le héadaí.

- Scaip **Bileog 10.2**.
- Cuid A: Tabhair tamall do gach beirt smaoineamh ar bhealaí éagsúla le ‘I need/want’ a rá as Gaeilge.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang na tuairimí a bhí acu a sholáthar duit. Scríobh na tuairimí a fhaigheann tú ar an chlár dubh. Ba cheart go mbeadh frásaí mar seo faighte agat:


  - ag teastáil uaim
  - de dhíth orm
  - de dhíobháil orm
  - tá rud éigin uaim

- Cuid B: Mínigh dóibh go gcaithfidh siad an comhrá i gCuid B a chur san ord ceart sula n-éisteann siad leis ar an téip.
- Pléigh leis an rang ar fad an comhrá ansin. Cuir an téip ar siúl le seans a thabhairt dóibh an comhrá a chloisteáil agus le feiceáil an raibh an ceart acu.
- Cuid C: Bíodh na cártaí ar **Bileog 10.3** gearrtha amach roimh an rang.
- Tabhair cárta amháin do gach duine sa rang.
- Mínigh dóibh gurb é an rud sa phictiúr an rud atá siad ag déanamh ag an deireadh seachtaine.
- Sula gcuireann tú tús leis an ghníomhaíocht déan plé ar an stór focal breise a bheidh de dhíth orthu le labhairt faoin rud atá siad ag déanamh ag an deireadh seachtaine. Scríobh na focail úra ar an chlár dubh. Mar shampla:

Bróga reatha
Buataisí seoltóireachta
Culaith shnámha
Mála taistil
Cóta báistí

- Tabhair seans do gach foghlaimeoir a mhachnamh a dhéanamh faoin deireadh seachtaine agus an rud atá ag teastáil uaidh/uaithi. Tá na habairtí faoi Chuid C ann le cuidiú leo.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:

Duine A Duine B




- Tá mé ag dul chuig breithlá ag an deireadh seachtaine agus tá sciorta nua ag teastáil uaim.
- Tá **mise** ag dul ag seoltóireacht agus caithfidh mé cóta báistí a cheannach.

- Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an fhoirm threise arís. Ní thig go leor cleachtaidh a dhéanamh ar an fhoirm threise i rang cumarsáideach!
- Iarr orthu siúl timpeall an ranga ag ceistiú daoine de réir na dtreoracha atá tugtha.
- Iarr ar chúpla péire sa rang an comhrá a bhí eatarthu a dhéanamh os comhair an ranga.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.

**Feidhm:** **Ag iarraidh ar dhaoine triail a bhaint as ball éadaigh**
**Bileoga:** **10.4**

- Scaip **Bileog 10.4**
- Cuid A: Iarr orthu brí gach focal a fháil sula gcuireann siad na habairtí san ord ceart.
- Iarr ar dhaoine éagsúla na habairtí cearta a rá leat.
- Scríobh an dá abairt ar an chlár dubh:

  Bain triail as go bhfeice mé.
  Cuir ort é go bhfeice tú.

- Déan druil leis an rang ag cleachtadh na n-abairtí seo. Bain úsáid as do chóta féin le cuidiú leat. Abair leo go bhfuil tú sa siopa agus gur mhaith leat an cóta a cheannach. Mar shampla:

  - An maith leat an cóta seo?
  - Cuir ort é go bhfeice mé.

- Cuid B: Bí cinnte go dtuigeann siad na ceisteanna sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó. Tabhair tamall dóibh na ceisteanna a fhreagairt idir an dá uair a chuireann tú an téip ar siúl.
- Ceartaigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.

**Feidhm:** **Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí**
**Bileoga:** **10.5**

- Scaip **Bileog 10.5**
- Cuid A: Léigh tríd na treoracha agus déan plé ar an bhriathar **oir** leis an rang.
- Scríobh an Aimsir Láithreach agus an Aimsir Chaite den bhriathar ar an chlár dubh le cuidiú ón rang iomlán. Mínigh dóibh go gcaithfear an réamhfhocal 'do' a úsáid leis an bhriathar:

| | |
|---|---|
| Oireann sé dom | D'oir sé dom |
| Oireann sé duit | D'oir sé duit |
| Oireann sé dó/di | D'oir sé dó/di |
| Oireann sé dúinn | D'oir sé dúinn |
| Oireann sé daoibh | D'oir sé daoibh |
| Oireann sé dóibh | D'oir sé dóibh |
| | |
| An oireann sé dom? | Ar oir sé dom? |
| Oireann/Ní oireann | D'oir/Níor oir |

- Abair leo na tuairimí faoi éadaí a léamh le chéile agus tuairim ar bith eile atá acu a scríobh sa spás.

- Pléigh na tuairimí ar fad a bhí ag an rang le chéile.
- Scríobh an cheist seo ar an chlár dubh agus fiafraigh den rang cad is brí léi.

Cad é do bharúil (faoi)?

- Déan druil eile leis an rang ansin ag úsáid na n-éadaí atá ortsa. Abair leo nach bhfuil ann ach cleachtadh agus na freagraí a chumadh mar sin. Ní chaithfidh siad a bheith macánta! Mar shampla:

  - A Shíle, an maith leat mo gheansaí?
  - Ní maith. Ní oireann sé duit!

  - A Phóil, cad é do bharúil faoi mo chóta?
  - Is breá liom é.

- Cuid B: Scríobh an comhrá seo ar an chlár dubh:

  - Cad é do bharúil faoin c**h**rios?
  - Tá sé go hálainn. Cad é do bharúil féin faoi?
  - Is maith liom é.

- Tarraing aird na bhfoghlaimeoirí ar an séimhiú ar an fhocal *crios*. Ceistigh an rang faoi cén fáth a bhfuil séimhiú ann. Abair leo go gcuirtear séimhiú ar fhocal a thosaíonn le consan i ndiaidh ‘faoin/faoi’.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile chun plé a dhéanamh ar a gcuid tuairimí faoi na héadaí sna pictiúir.
- Nuair atá siad críochnaithe iarr ar dhaoine éagsúla sa rang a dtuairimí a thabhairt duitse faoi na héadaí sna pictiúir.

**Feidhm:** **Ag lorg tuairime ó dhuine a mheasann tú a bheith diúltach faoi earra**
**Bileoga:** **10.6**

- Scaip **Bileog 10.6**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus mínigh na struchtúir. Ansin iarr orthu na bearnaí a líonadh.

  **Freagraí**:

  - Nach maith leat na bróga a cheannaigh mé?
  - Is maith. Tá siad go hálainn.
  - Nach maith leat an gúna a thug Sinéad dom?
  - Is maith. Is breá liom é.
  - Nach maith leat an cóta a thug Seán dom mar bhronntanas?
  - Ní maith. Tá sé gránna.
  - Nach maith leat an scaif a cheannaigh mé duit?
  - Is maith. Oireann an dath dom.

© Ollscoil Mhá Nuad

- Nach maith leat na brístí sin?
- Ní maith. Ní oireann siad duit.
- Nach maith leat an hata atá orm?
- Ní maith. Tá sé rómhór.

- Cuid B: Abair leo gur cleachtadh eile cainte é seo ag cleachtadh na struchtúr faoi Chuid A.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile.
- I ndiaidh tamaill dóibh an struchtúr a chleachtadh go maith iarr ar gach beirt a gcomhrá a dhéanamh os comhair an ranga ar fad.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.

**Feidhm:** **Ag cur tuairimí in iúl faoi chostas**
**Bileoga:** **10.7**

- Scaip **Bileog 10.7**.
- Cuid A: Caithfidh gach foghlaimeoir an tuairim atá acu faoi phraghas na n-earraí a scríobh sa cholún sa lár **- Do Thuairim**.
- Cuid B: Nuair atá Cuid A críochnaithe cuir gach beirt ag obair le chéile leis na tuairimí atá acu faoin phraghas a phlé le chéile. Tá an comhrá samplach ann le cuidiú leo.
- Caithfidh siad beirt na tuairimí atá ag an duine eile a scríobh sa cholún **Tuairim do charad**.
- Cuir tú féin ceist ar chúpla duine sa rang faoi na tuairimí atá acu faoin phraghas.

**Feidhm:** **Ag déanamh comparáide idir earraí**
**Bileoga:** **10.8 agus 10.9**

- Scaip **Bileog 10.8** ar an rang.
- Cuid A: Nuair atá na haidiachtaí ar chlé ceangailte leis na haidiachtaí ar dheis ag an rang pléigh na freagraí leis an rang iomlán. Lig don rang na freagraí a chur ar fáil seachas tú féin iad a rá.

  **Freagraí**:

| | |
|---|---|
| saor | níos saoire |
| daor | níos daoire |
| gairid | níos gairide |
| fada | níos faide |
| deas | níos deise |
| olc | níos measa |
| maith | níos fearr |
| óg | níos óige |

| | |
|---|---|
| ramhar | níos raimhre |
| álainn | níos áille |
| te | níos teo |
| sean | níos sine |
| mór | níos mó |
| beag | níos lú |

- Cuid B: Sula gcuireann tú na foghlaimeoirí ag obair ar an ghníomhaíocht seo déan druil leo ag cleachtadh na foirme treise arís. Mar shampla:

  Is maith liom do chóta, ach b'fhearr liom mo chótasa.

- Iarr orthusan abairtí mar seo a rá leatsa. Bí cinnte go dtuigeann gach duine cad é atá i gceist le céimeanna comparáide na haidiachta agus leis an fhoirm threise sa chás seo.
- Tabhair go leor ama do na foghlaimeoirí Cuid B a dhéanamh - go dtí go bhfuil tusa sásta go bhfuil siad compordach ag úsáid an struchtúir.

- Scaip **Bileog 10.9** agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Iarr orthu an comhrá a léamh os ard dá chéile, ag glacadh sealanna. Caithfidh siad an fhoirm cheart den aidiacht atá idir lúibíní a chur sna bearnaí.
- Cuir an téip ar siúl ansin dóibh faoi dhó chun gur féidir leo a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Cuid C: Bí cinnte go dtuigeann gach duine an *scenario* – beirt ag siopadóireacht ag ceannach geansaithe atá i gceist agus caithfidh siad na focail sa chiorcal a úsáid chun cur lena gcomhrá.
- Mínigh dóibh an comhrá a bhunú ar an chomhrá faoi Chuid A.
- Nuair atá siad críochnaithe iarr ar chúpla duine an comhrá a dhéanamh os comhair an ranga.

**Feidhm:** **Ag rá gurbh fhearr leat rud éigin eile**
**Bileoga:** **10.10**

- Scaip **Bileog 10.10**. Léigh an comhrá faoi Chuid A don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad é.
- Déan druil leis an rang. Cuir an cheist seo orthu 'nach maith leat mo chóta?'. Ba cheart go dtabharfaidís freagraí mar 'Is maith ach b'fhearr liom ceann níos lú' etc. Abair leo na haidiachtaí ar **Bileog 10.8** a úsáid.
- Ansin, cuir gach beirt ag obair le chéile le comhrá a bheith acu faoi na pictiúir faoi Chuid A, ag úsáid na n-aidiachtaí atá in aice leis na grianghrafanna. Mar shampla:

  - Nach maith leat an sciorta gairid seo?
  - Is maith ach b'fhearr liom ceann níos faide.

© Ollscoil Mhá Nuad 

- Cuid B: Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le cúigear cainteoirí ar an téip ag rá gur maith leo rudaí áirithe ach gurbh fhearr leo rudaí eile.
- Tá ar na foghlaimeoirí éisteacht leis an téip agus an aidiacht a luann gach cainteoir a roghnú ón liosta aidiachtaí atá in aice le gach cainteoir ar an mbileog.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus ansin ceartaigh an ghníomhaíocht.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.

**Feidhm:** **Ag rá cé mhéad a chosnaíonn rud éigin**
**Bileoga:** **10.11**

- Scaip **Bileog 10.11**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A. Súil siar atá anseo ar na huimhreacha agus costas rudaí.
- Scríobh na huimhreacha 10, 20, 30, 40, 50, 60, 70, 80, 90, agus 100 ar an chlár dubh. Iarr ar na foghlaimeoirí an Ghaeilge a sholáthar duit agus scríobh na huimhreacha i bhfocail ar an chlár.
- Ansin, scríobh uimhreacha cosúil le 64, 32, 21 etc. ar an chlár agus iarr orthu an Ghaeilge a thabhairt duit arís.
- Bí cinnte go dtig leis na foghlaimeoirí na huimhreacha a rá mar is ceart sula mbogann tú ar aghaidh go dtí Cuid B.
- Cuid B: Cuir an téip ar siúl agus abair leo na praghsanna a scríobh sna spásanna tugtha i bhfoirm uimhreach. Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Cuid C: Cleachtadh breise cainte atá anseo le cleachtadh a dhéanamh ar na huimhreacha arís. Caithfidh siad na huimhreacha faoi Chuid B a bhreac siad síos ó bheith ag éisteacht leis an téip a léamh amach don duine in aice leo le feiceáil an raibh na freagraí céanna acu.
- Ansin ceartaigh Cuid B.

- Scaip **Bileog 10.12** ar an rang. Léigh tríd na treoracha agus cuir gach beirt ag obair le chéile. Tá ar gach duine praghsanna a chumadh do na hearraí agus na praghsanna sin a chur sna bearnaí faoi **Do phraghas**. Beidh siad ag caint leis an duine atá ag obair leo ansin le haimsiú cad iad na praghsanna atá acusan do na hearraí céanna. Beidh an chaint eatarthu bunaithe ar an chomhrá samplach faoi phointe 2. Nuair atá na bearnaí ar fad líonta acu déanfaidh siad cinneadh le chéile faoi cén praghas atá an-daor nó an-saor.
- Breacfaidh siad síos sa cholún deireanach **Tuairim an duine eile** cad é a shíl an duine eile faoin phraghas a bhí acu féin ar na hearraí.

**Feidhm:** **Ag cur in iúl go bhfuil tú chun earra a cheannach**
**Bileoga:** **10.13**

- Scaip **Bileog 10.13**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Abair leo an méid is féidir frásaí/focail atá foghlamtha acu san aonad seo a úsáid.

© Ollscoil Mhá Nuad 

- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:

  - Tá sciorta nua de dhíth orm.
  - Seo sciorta deas anseo. Bain triail as go bhfeice mé.
  - Ceart go leor. Cad é do bharúil?
  - Níl cailleadh ar bith air ach b’fhearr liom an ceann seo anseo!
  - Tá sé sin go deas agus tá sé saor.
  - Tá sé i bhfad níos deise, cuir ort an ceann sin go bhfeice mé.
  - B’fhearr liom an ceann seo chomh maith. Sílim go gceannóidh mé é!

- Cuid B: Tabhair seans dóibh an comhrá a scríobh.
- Cuid C: Caithfidh siad comhráite a bheith acu le daoine eile sa rang le cleachtadh breise a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu.
- Bí thusa thart le cuidiú leo más gá.

**Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi thomhas**
**Bileoga: 10.14 agus 10.15**

- Scaip **Bileog 10.14**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A. Abair leo na habairtí céanna a scríobh amach ach ag úsáid an fhocail ‘méid’ in áit an fhocail ‘uimhir’.

  - Cén mhéid a chaitheann tú?
  - Méid a deich.

- Tá an focal ‘méid’ baininscneach agus mar sin tá séimhiú ann i ndiaidh an fhocail ‘cén’.
- Cuid B: Abair leo smaoineamh ar cén mhéid a chaitheann siad leis na héadaí sa cholún ar chlé. Cuir ina luí orthu chomh maith na huimhreacha a chumadh más mian leo sa dóigh is nach mbeidh náire ar dhuine ar bith sa rang.
- Cuid C: Abair leo an t-eolas faoi Chuid B a úsáid le comhrá a bheith acu leis an duine in aice leo ar nós an chomhrá atá ann faoi Chuid C.

- Scaip **Bileog 10.15** agus mínigh gur rólghníomhaíocht é seo.
- Cuir gach triúr ag obair le chéile.
- Caithfidh siad comhrá a bheith acu cosúil leis an chomhrá samplach atá ann ag bun na bileoige.
- Beidh ciorcal amháin ag gach duine agus tá orthu an t-eolas sin a úsáid leis an chomhrá a dhéanamh.

© Ollscoil Mhá Nuad 